


# Tuarascáil ar na **Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram**

A reáchtáladh

**MÁRTA**

**8**

**2024**

An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

# An Brollach

Bunaíodh an Coimisiún Toghcháin i mí Feabhra 2023 faoin *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, agus chuaigh sé i mbun cuid dá fheidhmeanna tábhachtacha reachtúla i leith an dá reifreann ar an *mBille um an Naoú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (An Teaghlach), 2023* agus ar an *mBille um an Daicheadú Leasú ar an mBunreacht (Cúram), 2023.*

D'éiligh feidhmeanna agus oibleagáidí reachtúla an Choimisiúin orainn ábhar na reifreann sin a mhíniú don phobal, agus eolas a thabhairt ar an rogha dhaonlathach a cuireadh i láthair shaoránaigh an Stáit chun an Bunreacht a leasú, feasacht an phobail ar an rogha sin a chur chun cinn, agus rannpháirteachas sa rogha a spreagadh.

Bunaíodh Coimisiúin Reifrinn ar bhonn *ad hoc* roimhe seo chun cuid de na cúraimí sin a chomhlíonadh, ach dhéantaí na Coimisiúin sin a lánscoir díreach i ndiaidh an próiseas reifrinn a chur i gcrích. Bhí tionchar ag an gcur chuige a d'úsáideadh na Coimisiúin sin ar an gCoimisiún i rith an fheachtais eolais seo.

Mar a éilítear faoi Alt 39 den Acht, tugtar cuntas sách mion sa tuarascáil seo ar an gcaoi ar chomhlíonamar ár bhfeidhmeanna reachtúla. Rinneamar iarracht rannpháirtíocht iomlán a bheith againn leis an bpobal agus muid ag dul i mbun ár róil. Bhí idir fhuinneamh agus díocas sa chaoi ar chomhlíonamar ár n-oibleagáidí.

D'oibrigh comhaltaí an Choimisiúin agus an fhoireann ar fad uaireanta fada agus bhí páirt thábhachtach ag gach duine i seachadadh an fheachtais. Thar ceann an Choimisiúin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd ar fad as an obair agus an rannpháirtíocht sin.

Bunaíodh an Coimisiún Toghcháin ar bhonn reachtúil, agus dá bhrí sin leanann sé ag comhlíonadh a róil reachtúil i dtaobh an daonlathas a fheabhsú agus a chosaint, lena n-áirítear in aon phróiseas reifrinn. Is í seo ár gcéad tuarascáil ar reifreann agus fáiltímid roimh aon tuairimí a chabhródh linn feabhas a chur ar an obair seo.

De bhun Alt 39(1) den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, cuirimid i láthair anseo don Chomhchoiste Oireachtais tuarascáil an Choimisiúin Toghcháin ar chomhlíonadh a fheidhmeanna i ndáil leis an reifreann ar an m*Bille um an Naoú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (An Teaghlach), 2023* agus ar an m*Bille um an Daicheadú Leasú ar an mBunreacht (Cúram), 2023*.



**An Breitheamh Uasal Marie Baker,**
An Cathaoirleach,
An Coimisiún Toghcháin.



*An Coimisiún Toghcháin – ón taobh clé ar chúl: Peter Finnegan, John Curran, Ger Deering. Ón taobh clé chun tosaigh: Alex Attwood, an Breitheamh Uasal Marie Baker (an Cathaoirleach), Maura Quinn, an tOllamh Caroline Fennell.*

# 1 An Coimisiún Toghcháin agus Feidhmeanna Reifreann

Bunaíodh an Coimisiún Toghcháin, coimisiún neamhspleách toghcháin na hÉireann, i mí Feabhra 2023. Is comhlacht reachtúil é an Coimisiún a bhfuil suíomh tábhachtach aige i dtírdhreach toghcháin na hÉireann.

Faoi fhorálacha an *Achta um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, tá raon leathan d'fheidhmeanna agus freagrachtaí toghcháin ag an gCoimisiún. Áirítear orthu sin maoirseacht chlár na dtoghthóirí, clárú páirtithe polaitíochta, taighde, oideachas, tabhairt faoi athbhreithnithe ar Dháilcheantair agus Toghlaigh Eorpacha, chomh maith le feidhmeanna i dtaobh fógraíocht pholaitiúil ar líne agus mífhaisnéis agus bréagaisnéis nár cuireadh tús leo go fóill.

Tá dualgas reachtúil ar an gCoimisiún freisin faisnéis neamhchlaonta agus neamhspleách a sholáthar faoi ábhar an togra le haghaidh reifrinn agus vótáil i reifrinn a chur chun cinn agus a spreagadh.

Ghlac muintir na hÉireann Bunreacht na hÉireann in 1937 chun na prionsabail a rialaíonn orgáin Stát na hÉireann agus cearta bunúsacha an duine atá le hurramú agus le cosaint a shainaithint. Ní féidir é a athrú ach le vóta saoránach incháilithe os cionn 18 mbliana d'aois atá cláraithe le vóta a chaitheamh. Baineann na reifrinn a phléitear sa tuarascáil seo le forálacha na gceart bunúsach sa Bhunreacht.

Foráiltear le hAlt 31 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* go mbeidh roinnt feidhmeanna ar an gCoimisiún i gcás reifreann. Is iad sin:

- ráiteas nó ráitis a ullmhú ina mbeidh míniú ginearálta ar ábhar an togra do reifreann agus ar an téacs sa Bhille iomchuí agus aon fhaisnéis eile is cuí leis an gCoimisiún.
- na ráitis sin ar an reifreann a fhoilsiú (i nGaeilge agus i mBéarla) agus a dháileadh i cibé slí agus ar cibé modh, lena n-áirítear úsáid na teilifíse, an raidió agus meán leictreonach eile, is mó is dóigh leis an gCoimisiún a tharraingeoidh aird na dtoghthóirí orthu.
- a áirithiú a mhéid is indéanta, maidir leis na modhanna a úsáidfear, go gcumasóidh siad do dhaoine a bhfuil míchumas radhairc nó éisteachta orthu na ráitis a léamh nó a chloisteáil.
- eolas an phobail ar an reifreann a chur chun cinn agus an pobal a spreagadh chun vótáil.

Anuas air sin, foráiltear leis an Acht go mbeidh cumhachtaí ag an gCoimisiún chun:

- bróisiúir, bileoga, paimfléid agus póstaeir a ullmhú, a fhoilsiú agus a dháileadh.
- na ráitis a dháileadh ar gach toghthóir incháilithe nó ar gach teaghlach.

Ní dhéanfaidh an gCoimisiún, ná comhalta gCoimisiún, toradh áirithe i reifreann a mholadh ná a chur chun cinn.

Tá an Coimisiún freagrach freisin as comhlachtaí ceadaithe a dhearbhú do reifrinn. Féadfaidh na comhlachtaí ceadaithe sin gníomhairí a cheapadh le bheith i láthair nuair a dhéantar páipéir bhallóide a eisiúint chuig postvótálaithe, nuair a osclaítear páipéir bhallóide postvótálaithe, agus nuair a dhéantar vótaí a chomhaireamh. Féadfaidh siad duine amháin a cheapadh freisin le freastal ar gach stáisiún vótála chun cuidiú le hoifigigh an toghcháin an cion toghcháin de phearsanaíocht a bhrath.

## An 39ú agus an 40ú Leasú Beartaithe ar an mBunreacht

An 7 Nollaig 2023, cheadaigh an Rialtas tograí chun dhá reifreann a reáchtáil. Tugadh na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram orthu go coitianta ina dhiaidh sin. Dúirt an Rialtas go raibh sé de rún aige an dá reifreann a reáchtáil ar an 8 Márta 2024.

Caithfear aon togra chun an Bunreacht a leasú a thionscnamh le Bille i nDáil Éireann. Caithfidh dhá Theach an Oireachtais an Bill a rith sular féidir é a chur faoi bhráid an phobail i reifreann. I ndiaidh na vótaí a chomhaireamh, agus dearbhú Cheann Comhairimh an Reifrinn a fháil, má thacaíonn tromlach na vótálaithe i reifreann leis an togra, síníonn an tUachtarán an Bille ina dhlí. Má vótálann tromlach na vótálaithe i reifreann in aghaidh an togra, ní athraítear an Bunreacht.

Rith dhá Theach an Oireachtais an *Bille um an Naoú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (An Teaghlach), 2023* agus an *Bille um an Daicheadú Leasú ar an mBunreacht (Cúram), 2023* ar an 24 Eanáir 2024. Ar an lá sin, shínigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta Ordú maidir leis an Lá Vótaíochta faoi Alt 10 d'*Acht an Reifrinn, 1994* a d'ainmnigh an 8 Márta 2024 mar lá na vótála do na Reifrinn, tráth a mbeadh an vótáil ar siúl idir a 7.00 r.n. agus a 10.00 i.n. Sheol an Coimisiún Toghcháin a fheachtas eolais don phobal ar an 25 Eanáir.

## Moltaí

Tháinig roinnt nithe chun cinn i rith fheachtas eolais na reifreann ar mhaith leis an gCoimisiún moltaí sonracha a dhéanamh ina leith. Tugtar míniú iomlán ar an réasúnaíocht do na moltaí sin i gcuid 3. Is iad na moltaí sin:

- Ba cheart leasú beartaithe a fhoilsiú tráth nach déanaí ná 16 seachtaine roimh lá beartaithe na vótála.
- Ba cheart an dáta ainmnithe in Ordú maidir leis an Lá Vótaíochta le haghaidh reifrinn a bheith tráth nach gairide ná 60 lá i ndiaidh an tOrdú maidir leis an Lá Vótaíochta a shíniú.
- Baintear an moratóir ar chraoladh ó na treoirlínte le haghaidh craoltóirí raidió agus teilifíse roimh an gcéad imeacht toghcháin eile.
- Déantar athbhreithniú ar dhearadh foriomlán na bpáipéar ballóide le haghaidh reifrinn roimh an gcéad reifreann eile.
- Cistítear an Coimisiún ón bPríomhchiste.



# 2 Feachtas Eolais na Reifreann

Is é príomhról an Choimisiúin i gcás na reifreann míniú ginearálta a thabhairt don phobal ar na tograí reifrinn, feasacht ar na reifrinn a chur chun cinn agus daoine a spreagadh le bheith rannpháirteach agus vóta a chaitheamh. Ó tharla go raibh an dá reifreann ar siúl ar an lá céanna, agus go raibh an dá thogra ag plé leis an gcuid sin den Bhunreacht a phléann cearta bunúsacha, cinneadh go mbeadh feachtas amháin eolais agus feasachta i gceist.

Bhí cúpla snáithe ag baint le feachtas an Choimisiúin. Ina measc siúd, bhí Leabhrán Eolais an Reifrinn a fhoilsiú agus a dháileadh, feachtas cuimsitheach fógraíochta náisiúnta, suíomh gréasáin tiomnaithe, agus clár rannpháirtíochta ar na meáin shóisialta, ar líne, sa phreas agus sna meáin chraolta, chomh maith le himeachtaí ina raibh daoine i láthair go fisiciúil, craoltaí saorchraolta agus teagmháil dhíreach ar líne agus ar an nguthán leis an bpobal.

Thuig an Coimisiún gurb iad seo na chéad reifrinn in Éirinn ó mhí na Bealtaine 2019 – an bhearna is faide idir reifrinn ó bhí 1992 ann. Ba dhócha, dá réir, go mbeadh cohórt mór daoine ag caitheamh vóta i reifreann den chéad uair riamh agus dá bhrí sin chuir an Coimisiún eolas ar fáil san fheachtas faoi thábhacht agus ról an Bhunreachta, faoi reifrinn, faoin gcaoi le clárú le vótáil agus faoin gcaoi le vóta a chaitheamh.


Roinneadh an feachtas ina thrí chéim ar leith:

- **Daoine a Spreagadh le Clárú le Vótáil:** Thosaigh an chéad chéim ar an 4 Eanáir roimh fhormheas Thithe an Oireachtais do na billí leasaithe. Dhírigh an chéim sin ar dhaoine a spreagadh le clárú. Sceidealaíodh é chun a mhéad ama agus ab fhéidir a thabhairt do dhaoine le clárú le vótáil roimh dháta beartaithe na reifreann.
- **Eolas a Thabhairt do Dhaoine:** Thosaigh an chéim seo ar an 25 Eanáir nuair a sheol an Coimisiún a fheachtas oifigiúil eolais don phobal. Cuireadh tús leis le himeacht seolta in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, preasócáid leis na meáin, agus foilsiú Leabhrán Eolais an Reifrinn agus na n-ábhar gaolmhar ar shuíomh gréasáin saindeartha do na reifrinn.
- **Daoine a Spreagadh le Vótáil:** Thosaigh an chuid dheireanach beagán le cois seachtain roimh lá na vótála agus díríodh ar dhaoine a spreagadh le vóta a chaitheamh ar an 8 Márta. Chríochnaigh an feachtas eolais nuair a dhún an vótáil ar lá na vótála.






*Ag bualadh le hiascairí ag Cé na Cille Móire agus le mic léinn talmhaíochta i gColáiste Bhéal Átha hÉis.*




*Ag obair ar thaifeadadh na dtrí fhógra teilifíse.*

## Fógraíocht

Laistigh de na hamlínte dochta a bhí i bhfeidhm, d'fhorbair an Coimisiún feachtas fógraíochta náisiúnta a bhí idir chuimsitheach agus fhorleathan agus a bunaíodh ar an gcoincheap lárnach 'Is é do vóta do ghuth'. Ba é buntuiscint an fheachtais mura n-úsáideann duine a nguth, beidh daoine eile ag labhairt thar a gceann. Bhí sraith de ghnáthimeachtaí laethúla sna fógraí, ina measc siopa sceallóg, gníomhaireacht taistil, salón gruaige, siopa tatúnna, ionad garraíodóireachta agus ospidéal. Sna himeachtaí sin, fágadh daoine gan ghuth nuair a chinn daoine eile a rogha bia, saoire, stíle gruaige, tatú, dearaidh gairdín nó ainm páiste. Ceapadh é mar chur chuige tarraingteach i leith teachtaireacht an-dáiríre chun daoine a spreagadh le clárú le vótáil mura raibh siad cláraithe cheana féin, agus ansin a vóta a chaitheamh.

Bhí an feachtas ar siúl ar an teilifís, raidió, físeán ar éileamh, meáin ghréasáin agus shóisialta, chomh maith le fógraíocht ar nuachtáin réigiúnacha agus náisiúnta agus ar fhormáidí difriúla lasmuigh ar nós cláir fógraí agus fógraíocht ar stadanna bus.

Ar cheann de thairbhí an Choimisiúin Toghcháin mar chomhlacht reachtúil ag a bhfuil feidhmeanna toghcháin éagsúla, tá an chaoi ar athchóiríodh na sócmhainní fógraíochta a úsáideadh i rith an fheachtais reifrinn agus ar baineadh leas astu ina dhiaidh sin chun daoine a spreagadh le clárú le vótáil agus vóta a chaitheamh sna toghcháin Eorpacha, áitiúla agus le haghaidh mhéara Luimnigh a reáchtáladh ar an 7 Meitheamh 2024.

## Leabhrán Eolais an Reifrinn

Foráiltear san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* gur cheart don Choimisiún ráiteas amháin nó níos mó a ullmhú ina bhfuil míniú ginearálta ar ábhar an togra, agus na ráitis sin a fhoilsiú agus a dháileadh ar gach teaghlach. Tá Leabhrán Eolais an Reifrinn ina ghné lárnach dár gcóras daonlathach anois a mbíonn an-mheas air, agus léirítear inár bhfianaise go mbíonn ardmheas ag na toghthóirí air [féach an chuid faoin Suirbhé anseo thíos].

D'fhoilsigh an Coimisiún Leabhrán Eolais an Reifrinn ina raibh 16 leathanach agus inar tugadh eolas soiléir cruinn ar na tograí le haghaidh an dá reifreann ar an Teaghlach agus Cúram. Tugadh breac-chuntas ar éifeacht dhlíthiúil vóta Tá agus vóta Níl sa dá chás. Anuas air sin, den chéad uair i Leabhrán Eolais an Reifrinn, iarradh ar na vótálaithe a bhfoinsí eolais faoi na reifrinn agus an próiseas vótála a cheistiú chun a chinntiú go raibh eolas cruinn á fháil acu. Tugadh eolas sa leabhrán freisin faoin bpróiseas vótála, incháilitheacht agus faoin vótáil féin. Foilsíodh samplaí den dá pháipéar ballóide a léirigh a ndathanna difriúla, chomh maith le treoracha faoin gcaoi le vóta a chaitheamh ar son na dtograí nó ina n-aghaidh.

An 25 Eanáir, cuireadh Leabhrán Eolais an Reifrinn inar míníodh an dá reifreann ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Cuireadh tús an lá dár gcionn le 2.3m cóip den leabhrán a chur i gcló i nGaeilge agus i mBéarla ar pháipéar in-athchúrsáiltear a fuarthas ó fhoinsí inbhuanaithe.

Thosaigh An Post ag seachadadh na leabhrán ar gach teaghlach sa tír ar an 15 Feabhra. Cuireadh sceideal seachadta foirmiúil An Post i gcrích Dé hAoine, 1 Márta, seachtain amháin roimh lá na vótála. Rinneadh líon beag seachadtaí ar an 4 agus 5 Márta.

Anuas ar na seachadtaí ar theaghlaigh, seachadadh 100,000 leabhrán i gcoinsíneachtaí éagsúla ar oifigí poist, príosúin, Ionaid Eolais do Shaoránaigh, stáisiúin Gardaí, tithe altranais, ospidéil, ionaid fhormheasta an Choimisiúin Meabhair-Shláinte, oifigí coimirce sóisialaí, ionaid sláinte agus eagraíochtaí sláinte pobail, institiúidí tríú leibhéal, áitribh Óglaigh na hÉireann, forais chultúir náisiúnta agus údaráis áitiúla. Seoladh Leabhráin Eolais an Reifrinn i gcomhar leis na Ranna Gnóthaí Eachtracha agus Cosanta freisin chuig pearsanra taidhleoireachta agus míleata a bhí lonnaithe nó ar seirbhís thar lear.

Is údar spreagtha don Choimisiún an leibhéal ard rannpháirtíochta a bhí ag an bpobal le Leabhrán Eolais an Reifrinn. Thug an Coimisiún faoi shuirbhé ar lucht vótála ar an 8 Márta [(An Staidéar Náisiúnta ar Chúrsaí Toghcháin agus Daonlathais (neds.ie))](neds.ie) a léirigh gur thuairiscigh 77% den lucht




*Leabhráin Eolais an Reifrinn á gcur i gcló agus i bpacáistí.*







vótála go bhfuair siad an leabhrán. Dúirt 88% díobh siúd a fuair an leabhrán go raibh sé cabhrach. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach ndearnadh aon suirbhé ar dhaoine nár chaith vóta, mar sin ní fios cén céatadán díobh siúd nár chaith vóta a fuair an leabhrán ná cé mhéad díobh siúd a bhraith go raibh sé cabhrach.

Dáileadh 2.3 milliún leabhrán i rith an fheachtais. Tuigeann an Coimisiún nach raibh fáil ag roinnt den phobal ar an leabhrán fisiciúil. Fuair an Coimisiún beagán le cois 100 gearán mar nár seachadadh an leabhrán. Freagraíodh na gearáin sin ar fad nó phléamar le An Post iad, agus seachadadh leabhráin má bhí an t-am ann chuige. Ach is léir go dteastaíonn feabhas ar infhaighteacht Leabhrán Eolais an Reifrinn don phobal trí chéile.

D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach ag daoine dá dtuigfidís an chaoi a ndáiltear Leabhrán Eolais an Reifrinn. Tá dhá rogha ann de réir na reachtaíochta. Is féidir an leabhrán a sheachadadh ar gach teaghlach sa tír, agus sin a rinneadh go dtí seo. Is é an dara rogha a bhforáiltear dó sa reachtaíocht go seolfaí leabhrán chuig gach toghthóir incháilithe. Ach de bharr mhéid an phróisis agus na srianta ama, an chaoi a dtosaíonn seachadadh Leabhrán Eolais an Reifrinn roimh an dáta deiridh don chlárú (thart ar thrí seachtaine roimh lá na vótála) ina measc, ní bheadh sé indéanta don Choimisiún leabhrán a sheachadadh a mbeadh seoladh gach toghthóra incháilithe air.

Ag glacadh leis go mbeidh líon beag cásanna ann nuair nach seachadtar leabhrán, ní ráthaíonn seachadadh ar gach teaghlach go mbeidh fáil ar chruachóip de Leabhrán Eolais an Reifrinn ag gach duine i dteaghlach atá incháilithe le vóta a chaitheamh.

Seachadann An Post an leabhrán mar 'phost gan seoladh', is é sin post nach bhfuil seoladh duine faoi leith air. Seachadtar ceann amháin ar gach teaghlach. Tá cúiseanna éagsúla go mb'fhéidir nach bhfeicfeadh vótálaí incháilithe i dteaghlach leabhrán a seachadadh – d'fhéadfadh gur caitheadh amach é, d'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná duine amháin incháilithe le vótáil sa teaghlach ach nach bhfeicfeadh gach duine é. Cé go raibh tacaíocht aige sin ó dháileadh forleathan ar chomhlachtaí éagsúla ag a bhfuil oifigí a bhíonn ar oscailt don phobal, ar nós oifigí poist agus Oifigí Eolais do Shaoránaigh, ní bhíonn infhaighteacht sna suíomhanna sin cinntithe ag aon am faoi leith.

I bhfianaise an mhéid sin, tá an Coimisiún ag iniúchadh oibriú le líonra náisiúnta suíomhanna a d'fhéadfaí a úsáid chun cur leis an seachadadh teaghlaigh díreach roimh reifreann. Táthar ag súil go dtabharfaí aghaidh leis an gcur chuige sin ar aon fhadhbanna a d'fhéadfadh a theacht chun cinn do vótálaithe roimh lá na vótála.

## Foclaíocht na Leasuithe Beartaithe

Agus an Coimisiún ag tabhairt faoina fheidhm reachtúil "míniú ginearálta" a fhoilsiú ar théacs agus ábhar an dá thogra, bhí sé airdeallach ar an ngá a bhí le cumarsáid inrochtana a chur ar fáil go forleathan, agus úsáideadh focail a úsáidtear sa ghnáthshaol laethúil dá bharr sin. Chomh maith leis sin, thuig an Coimisiún go raibh bac air toradh áirithe a mholadh nó a chur chun cinn sa reifreann, nó aon argóint ar son nó in aghaidh na dtograí a thabhairt.

I gcás an *Bhille um an Naoú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (An Teaghlach)*, úsáideadh an abairtín *"[cineálacha] éagsúla caidrimh ghheallta agus leanúnaigh seachas pósadh"*, mar mhíniú ginearálta ar an abairtín *"[cóngais] bhuanfasacha eile"* a beartaíodh a chur le míniú bunreachtúil an teaghlaigh i Leabhrán Eolais an Reifrinn ón gCoimisiún.

Luaigh an Coimisiún go bhforáiltear in Airteagal 15.2 den Bhunreacht go mbeirtear *"don Oireachtas amháin... an t-aon chumhacht chun dlíthe a dhéanamh don Stát"*, agus foráiltear in Airteagal 15.4.1° nach cead don Oireachtas aon dlí a achtú a bheadh ar aon chuma in aghaidh aon fhorála den Bhunreacht.

Ó bunaíodh an Stát in 1922, glacadh le go leor Achtanna ina leagtar amach dualgais reachtúla agus cearta ball den teaghlach pósta agus neamhphósta. Leag an Coimisiún an leasú beartaithe i gcomhthéacs reachtaíocht atá i bhfeidhm cheana féin, ina measc an *tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010*, agus na fíricí agus an réasúnaíocht a bhaineann le cinntí na n-uaschúirteanna. Bheadh an sainmhíniú bunreachtúil reatha ar an bpósadh mar cheann idir bheirt ina chuid de réasúnaíocht cúirte a n-iarrfaí uirthi brí "*cóngais bhuanfasaigh*" a léirmhíniú.

Rinne an Coimisiún soiléir é freisin go mbeadh ar an cúirteanna an t-abairtín *"cóngais bhuanfasacha eile"* a léirmhíniú mar choincheap nua bunreachtúil. Rinneadh soiléir é freisin, cé go bhféadfadh an cásdlí go nuige sin a bheith ina chabhair úsáideach nó fiú fíorláidir don léirmhíniú, nach gceadódh ról reachtúil an Choimisiúin dó tabhairt faoi thuairimíocht a roinnt faoi chur i bhfeidhm an abairtín i ndlíthíocht amach anseo. Mheas an Coimisiún go raibh sé lasmuigh dá shainchúram tuairim a thabhairt an dtiocfadh sampla ginearálaithe, nó samplaí ginearálaithe, de chaidrimh phósta nó neamhphósta faoi réim an abairtín a mholtar sa Leasú um an Teaghlach nó nach dtiocfadh.

Mar gheall nach raibh aon togra ann le haghaidh sainmhíniú reachtach ar *"chóngais bhuanfasacha"* agus ar na hathruithe beartaithe nó measta a d'fhéadfaí a bhreithniú ar reachtaíocht i réimsí an leasa shóisialaigh, cánachais, comharbais agus imirce, bhí éiginnteacht i measc na dtoghthóirí faoi éifeacht nithiúil an athraithe bheartaithe ar an sainmhíniú ar an teaghlach dá dtugtar stádas speisialta bunreachtúil le hAirteagal 41.1.

Níor eascair an leibhéal céanna de dheacracht léirmhínithe as an *mBille um an Daicheadú Leasú ar an mBunreacht (Cúram)* le hais an Reifrinn ar an Teaghlach. Mar sin féin, bhí an Cathaoirleach sásta soiléire shonrach a thabhairt in dhá chás i ndiaidh ceisteanna ón bpreas faoi mhíniú






*An leagan éasca le léamh de Leabhrán Eolais an Reifrinn.*

fhoclaíocht na reifreann i gcomhthéacs fheidhm eolais an Choimisiúin i gcás reifreann.

Ba é an phríomhcheist ar theastaigh míniú uirthi sa reifreann seo úsáid an abairtín "*ag dréim le*" sa téacs nua beartaithe le haghaidh Airteagal 41.2. Mhínigh an Coimisiún a thuairim go raibh roinnt nirt ag baint leis an abairtín agus go n-éileofaí leibhéal éigin de ghníomh nó gníomhaíocht dhearfach leis.Tharraing sé aird ar úsáid an abairtín chéanna i mBéarla, "*strive*", sa Bhunreacht, in Airteagal 45 neamh-inbhreithnithe, nach féidir a úsáid mar an bonn ar a n-éilíonn duine ceart i gcúirt.

Tharraing suirbhé an Choimisiúin ar vótálaithe aird ar cheist na foclaíochta agus na soiléire sa dá reifreann. Thuairiscigh 38% de na vótálaithe NÍL sa Reifreann ar an Teaghlach gurbh é an phríomhchúis a vótáil siad níl ná go raibh an t-abairtín *"cóngais bhuanfasacha"* sainmhínithe go dona agus faoi réir léirmhíniú. Thuairiscigh 32% de na vótálaithe NÍL go raibh an fhoclaíocht mearbhlach nó doiléir. I gcás an Reifrinn ar an gCúram, dúirt 24% de na vótálaithe NÍL go raibh an fhoclaíocht doiléir.

## Eolas Inrochtana

Faoi Alt 31(1)(b) den *Acht um Athchóiriú Toghcháin* tá an Coimisiún lena *"áirithiú a mhéid is indéanta, maidir leis na modhanna a úsáidfear, go gcumasóidh siad do dhaoine a bhfuil míchumas radhairc nó éisteachta orthu na ráitis lena mbaineann a léamh nó a chloisteáil"*.

Chuir an Coimisiún an leabhrán seo ar fáil i raon formáidí inrochtana, ina measc Braille, closfhormáid, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, téacs mór agus Leabhrán Eolais Reifrinn atá Éasca le Léamh, agus cuireadh iad sin ar fad ar fáil ar ár suíomh gréasáin. Den chéad uair riamh, cuireadh an leagan éasca le léamh ar fáil ní hamháin ar líne, ach cuireadh i gcló é freisin agus dáileadh beagnach 10,000 cóip ar ghrúpaí agus eagraíochtaí éagsúla. Bhí seoladh ar leith ag an gCoimisiún le haghaidh fhormáid éasca le léamh an leabhráin, le himeacht ag Prosper Meath, ionad soláthar seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil, chun aird na meán agus an phobail a tharraingt air.  Bunaithe ar an aiseolas ón bpobal agus ó ghrúpaí ionadaíocha, bíonn éileamh mór ar threoracha atá éasca le léamh. Measfaidh an Coimisiún infhaighteacht níos forleithne agus scaipeadh na dtreoracha sin le haghaidh reifrinn amach anseo. Gabhaimid buíochas le Cumann Bodhar na hÉireann agus Chime as leagan Theanga Chomharthaíochta na hÉireann den leabhrán a óstáil ar a suíomhanna gréasáin.

Rinne an Coimisiún an-iarracht freisin a chinntiú go raibh leibhéil arda inrochtaineachta ag baint lenár suíomh gréasáin do na reifrinn. D'athbhreithnigh athbhreithneoir ar conradh an suíomh gréasáin dá inrochtaineacht go sonrach, agus rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais athbhreithniú air freisin de réir ár n-oibleagáidí faoi Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le hInrochtaineacht Gréasáin, agus fuair an suíomh gréasáin rátáil os cionn 90%.

## Rannpháirtíocht leis an bPreas agus na Meáin

Thug an Coimisiún faoin gclár rannpháirtíochta is cuimsithí leis an bpreas agus na meáin a bhí ag aon fheachtas eolais riamh le haghaidh reifrinn go dtí seo. Thosaigh sé sin ar an 25 Eanáir, an lá i ndiaidh don Aire an tOrdú maidir leis an Lá Vótaíochta a shíniú, agus leanadh leis go dtí an lá i ndiaidh lá na vótála. I gcaitheamh an ama sin, bhí Cathaoirleach an Choimisiúin, an Breitheamh Uasal Marie Baker, an Príomhfheidhmeannach Art O'Leary, Tim Carey, an Ceannasaí Oibríochtaí Toghcháin agus Brian Dawson, an Bainisteoir Cumarsáide, páirteach i 58 imeacht craolta, preasa agus meán ar líne san iomlán. Rinneadh naoi n-agallamh ar theilifís náisiúnta, naoi n-agallamh ar raidió náisiúnta, 22 agallamh ar raidió áitiúil agus pobail, ocht n-agallamh le nuachtáin náisiúnta, sé agallamh le nuachtáin réigiúnacha agus ceithre agallamh ar líne.




*Bhíomar ag plé le meáin phrionta, chraolta agus dhigiteacha, idir áitiúil agus náisiúnta, i gcaitheamh an fheachtais.*

## Imeachtaí Feachtais

Gné lárnach a thacaigh le feachtas eolais an Choimisiúin faoi na reifrinn ab ea an clár de 12 imeacht fhisiciúla a reáchtáladh i ndeich gcontae. Thosaigh sé sin leis an seoladh in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ar an 25 Eanáir agus cuireadh clabhsúr leis nuair a labhair an Cathaoirleach ag imeacht tacaíochta fhíorúil ar líne le Cumas Éireann ar an 6 Márta. Reáchtáladh na himeachtaí sin le réimse leathan grúpaí agus bhí sé ar an raon imeachtaí ba chuimsithí a reáchtáladh riamh mar chuid d'fheachtas eolais agus feasachta reifrinn. Bhí imeachtaí ar siúl leis an bpobal ealaíon, an Lucht Siúil, eagraíochtaí éagsúla míchumais, agus grúpaí spóirt, gnó, feirmeoireachta agus iascaireachta, ollscoile, leabharlainne agus oideachais aosaigh.




*Imeachtaí eolais faoi na reifrinn le Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Prosper Meath, Gluaiseacht Taistealaithe na Gaillimhe, Club CLG Thulach Mhór, mic léinn ag Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Amharclann Hawk's Well i Sligeach, ag ár seoladh náisiúnta leis na meáin agus i leabharlann Loch Garman.*



## Saorchraoladh

Éilítear soláthar am saorchraolta le haghaidh eolas reifrinn an Choimisiúin le hAlt 32 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*. Arna n-éascú ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus Coimisiún na Meán, chuir na saolchraoltaí sin le haimsiú lucht féachana/éisteachta d'fheachtas fógraíochta an Choimisiúin sna deich lá roimh lá na vótála.

Táimid buíoch de RTÉ, TG4 agus Virgin Media as am sínte sa sceideal teilifíse a chur ar fáil toisc go raibh an Coimisiún ag cur eolas ar fáil faoi dhá reifreann ar leith. Bhí Cathaoirleach an Choimisiúin ag labhairt sna fógraí sin chun eolas a chur ar fáil go díreach don lucht féachana i nGaeilge agus i mBéarla. Táimid buíoch freisin den líonra stáisiún raidió áitiúil a thacaigh leis an gCoimisiún agus a chraol a theachtaireacht sa tréimhse díreach roimh lá na vótála.

## Suíomh Gréasáin

Bhí suíomh gréasáin eolais an Choimisiúin faoi na reifrinn ina chuid lárnach den fheachtas agus ina fhoinse thábhachtach eolais sa bhreis ar an eolas a cuireadh ar fáil i Leabhrán Eolais an Reifrinn. Bhí rannóg Ceisteanna Coitianta ar an suíomh gréasáin inar tugadh freagraí cuimsitheacha ar go leor de na ceisteanna a tharraing daoine anuas leis an gCoimisiún roimh na reifrinn. Bhí eolas ginearálta ann freisin faoi reifrinn, an Bunreacht, an chaoi le vóta a chaitheamh agus ábhair ábhartha eile.

D'úsáid os cionn 160,000 duine suíomh gréasáin an Choimisiúin i rith an fheachtais. Agus iad ar an suíomh, bhreathnaigh siad ar os cionn 770,000 leathanach eolais. Ba é an leathanach ba mhór ar breathnaíodh air 'Cad é a n-iarrtar cinneadh a dhéanamh ina leith?' le beagnach 140,000 amharc. Rinneadh Leabhrán Eolais an Reifrinn a íoslódáil os cionn 20,000 uair ón suíomh gréasáin.

Ní nach ionadh, taifeadadh an líon ba mhó cuairteoirí ar an suíomh gréasáin sna laethanta díreach roimh lá na reifreann, chomh maith le lá na reifreann féin. Ar lá na reifreann, d'úsáid os cionn 73,000 duine an suíomh gréasáin, agus 44,500 díobh siúd ar an leathanach 'Cad é a n-iarrtar cinneadh a dhéanamh ina leith?'.

Chabhraigh ardáin meán sóisialta a thug naisc dhíreacha go leathanaigh reifrinn an Choimisiúin go mór leis an rannpháirtíocht leis an suíomh gréasáin mar fhoinse údarásach agus neamhchlaonta dóibh siúd a raibh spéis acu in eolas vótála.

## Na Meáin Shóisialta

Bhí úsáid na meán sóisialta sách teoranta i bhfeachtais reifrinn roimhe seo. Cé gur comhlacht nuabhunaithe é an Coimisiún, ag a bhfuil lucht leanta sách beag ar na meáin shóisialta, baineadh leas as raon leathan de chainéil meán sóisialta chun lucht féachana agus éisteachta difriúla a aimsiú. Roinneadh ábhar eolais a bhain leis na reifrinn ar X, Facebook, LinkedIn,

Instagram, Threads, Snapchat agus ardáin eile. Is réimse é seo ina bhfuil an Coimisiún meáite ar a aimsiú lucht féachana/éisteachta agus rannpháirtíocht a mhéadú.

Bhí feachtas spriocdhírithe ar na meáin shóisialta amháin ag an gCoimisiún freisin inar éilíodh ar dhaoine a bheith ar an eolas faoin gcaoi ar tháinig siad ar eolas vótála. Scaipeadh trí fhíseán thiomnaithe ar chainéil meán sóisialta san fheachtas leis an teachtaireacht *"Caith le gach lá mar Lá na nAmadán"* nuair atá foinsí eolais á meas, is é sin a bheith in amhras agus ag ceistiú na rudaí a chloistear, a fheictear agus a léitear.

## An Ghaeilge

Tuairiscíonn an Coimisiún ar a fhógraíocht Ghaeilge de réir Alt 10A d'*Acht na dTeangacha Oifigiúla* ag deireadh gach bliana.

Tá an Ghaeilge ina gné lárnach de chumarsáid an Choimisiúin. Chuir an Coimisiún aistriúchán Gaeilge ar fáil i gcaitheamh an fheachtais ar an ábhar eolais, suíomh gréasáin agus foilseacháin a tháirg sé faoi na reifrinn. Bhí an Coimisiún ag plé go gníomhach freisin leis na meáin Ghaeilge trí fhógraíocht Ghaeilge ar íocadh aisti. I dteannta an fheachtais ar íocadh as, cuireadh urlabhraí Gaeilge ar fáil i gcaitheamh an fheachtais a thug faoi agallaimh phearsanta éagsúla ar an teilifís agus raidió i nGaeilge.

Ar an drochuair, bhí botún sa leagan Gaeilge ar líne de Leabhrán Eolais an Reifrinn a foilsíodh ag tús an fheachtais. Nuair a aimsíodh an botún aistriúcháin sin, athbhreithníodh agus ceartaíodh an téacs go práinneach agus uaslódáladh an t-eolas cruinn ar an suíomh gréasáin go pras. In athbhreithniú ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún na lochtanna próisis as ar eascair an botún, agus glacadh bearta chun a chinntiú nach dtarlóidh sé arís amach anseo.

## Teagmháil Dhíreach ón bPobal

Bhí an pobal in ann teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún ar líne ghutháin agus seoladh ríomhphoist tiomnaithe le haghaidh ceisteanna faoi na reifrinn agus tríd an bpríomh-ríomhphost agus na príomhlínte gutháin. Fuair an Coimisiún 1,184 teachtaireacht dhíreach ón bpobal i rith an fheachtais.

Phléigh na teachtaireachtaí sin le raon leathan ceisteanna agus tuairimí. Ba iad na hábhair ba choitianta faoi fheidhm reifrinn an Choimisiúin an 158 ceist agus tuairim a bhain le Leabhrán Eolais an Reifrinn (daoine nach bhfuair an leabhrán ina measc) agus 98 ceist agus tuairim faoi fhoclaíocht na dtograí.

Fuarthas líon mór teachtaireachtaí a bhain le ceisteanna nach bhfuil ról díreach ag an gCoimisiún ina leith. Ba iad ba choitianta díobh siúd an 277 teachtaireacht a bhain le clár na dtoghthóirí. Bhain siad sin, den chuid is mó, le daoine a d'fhiafraigh faoi chlárú, nach raibh a sonraí ar líne, nuashonrú sonraí, srl. Is cosúil gur eascair roinnt de na ceisteanna sin as feachtas na






*Ag bualadh le hoibrithe ag Monarcha Newbridge Silverware.*

Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar bhain go leor daoine ciall as, ní nach ionadh, go raibh ar dhaoine a sonraí a nuashonrú chun fanacht ar an gclár. Bhí foireann an Choimisiúin sásta a dheimhniú nach mbainfí vótálaí den chlár reatha mura nuashonrófaí na sonraí, agus aon chúnamh eile a thairiscint nuair ab fhéidir nó iad a chur ar aghaidh chuig a n-údarás clárúcháin.

Bhain 208 teachtaireacht le líomhaintí faoi mhífhaisnéis agus bréagaisnéis. Cuireadh in iúl do na comhfhreagróirí sin ar fad nach bhfuil aon chumhachtaí rialála ag an gCoimisiún Toghcháin faoi láthair i leith mífhaisnéis agus bréagaisnéis líomhnaithe. Foráiltear san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* do sholáthar na gcumhachtaí sin don Choimisiún i dtaobh faisnéis ar líne ach níor cuireadh tús leis na codanna ábhartha den Acht fós.

| Achoimre ar na Ceisteanna agus Fadhbanna a Tarraingíodh Anuas | |
|---|---|
| Clár na dToghthóirí | 277 |
| Mífhaisnéis agus bréagaisnéis líomhnaithe | 208 |
| Leabhrán Eolais an Reifrinn | 158 |
| Easpa seachadta an chárta faisnéise vótaíochta | 121 |
| Ábhar na reifreann | 98 |
| Postvótála/vóta a chaitheamh thar lear | 95 |
| Ceisteanna nó fadhbanna a bhain le suíomhanna agus stáisiúin vótála | 83 |
| Ceisteanna a bhain le feachtais reifrinn sheachtracha | 48 |
| Feachtas Reifreann an Choimisiúin | 36 |
| Ilghnéitheach | 60 |

## Clárú Vótálaithe agus Líon na Vótálaithe a Vótáil

Mar choimisiún toghcháin neamhspleách, níl aon lámh ag an gCoimisiún Toghcháin i dtorthaí áirithe ar reifrinn. Is é an t-aon leas atá aige ná go mbeadh eolas ag an bpobal agus go gcaithfidís vóta agus a chinntiú go gcloistear a nguth.

Tá an vótálaí ag croílár dhaonlathas agus imeachtaí toghcháin na hÉireann. San *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, tá ról sonrach ag an gCoimisiún an pobal a spreagadh le vóta a chaitheamh i reifreann. Roinntear an obair sin ina dhá réimse ar leith. Ar an gcéad dul síos, daoine a bhí incháilithe le vótáil a spreagadh chun clárú le haghaidh vótála roimh na spriocdhátaí: an 12 Feabhra do phostvótáil agus an 20 Feabhra do vótáil go pearsanta. Agus ar an dara dul síos, na daoine ar an gclár a spreagadh le vóta a chaitheamh ar an 8 Márta.

## Clárú na Vótálaithe

Sa chomhthéacs sin, ba mhór an sásamh a bhain le foghlaim go raibh 184,605 clárú agus nuashonrú ar líne ar an gclár, thart ar 100,000 clárú nua ina masc, idir tús fheachtas clárúcháin an Choimisiúin sa chéad seachtain de mhí Eanáir agus an dáta deiridh le clárú ar an 20 Feabhra. Tá sé sin mórán mar a chéile leis an ngníomhaíocht iomlán a tharla sna 15 mhí roimhe sin.

## An Líon Daoine a Vótáil

Tá rannpháirtíocht na vótálaithe ina chomhartha bunúsach de dhaonlathas na hÉireann. Ar cheann de na comharthaí is fearr de rannpháirtíocht na vótálaithe, tá líon na ndaoine atá cláraithe le vóta a chaitheamh agus an méid díobh siúd a chaitheann vóta in imeacht toghcháin.

Tá go leor cúinsí a chuireann leis an líon daoine a vótálann i reifrinn. Ina measc siúd tá ábhar an reifrinn lena mbaineann, an plé polaitiúil faoin reifreann, leibhéal rannpháirtíochta na meán agus an spéis a léiríonn saoránaigh trína n-iarrachtaí féin éisteacht, breathnú, léamh agus plé a dhéanamh ar aon togra reifrinn.

Nuair a comhaireadh na vótaí reifrinn ar fad a caitheadh ar an 8 Márta 2024, vótáil 1,525,215 san iomlán as líon toghthóirí féideartha 3,438,566 sa Reifreann ar an Teaghlach, agus vótáil 1,525,005 as líon toghthóirí féideartha 3,438,566 sa Reifreann ar Chúram. Is é sin, 44.36% agus 44.35% le haghaidh na Reifreann ar an Teaghlach agus Cúram faoi seach. Bhí 16,105 vóta




*Ag vótáil ar an 8 Márta 2024.*

neamhbhailí sa Reifreann ar an Teaghlach agus 17,548 vóta neamhbhailí sa Reifreann ar Chúram. Is é sin, 1.15% agus 1.05% faoi seach.


Ba iad na toghcheantair leis an gcéatadán ba mhó vótálaithe a chaith vóta sa dá Reifreann ar an Teaghlach agus Cúram Cill Mhantáin (51.37% don dá cheann), Cuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh (50.72% agus 50.70%) agus Cill Dara Thuaidh (48.15% don dá cheann). Ba iad na trí thoghcheantar leis an gcéatadán ba lú vótálaithe a chaith vóta sa dá Reifreann Cuan Bhaile Átha Cliath Theas (39.14% agus 39.15%), an Mhí Thiar (39.71% don dá cheann) agus Dún na nGall (39.99% don dá cheann).

Nuair a chuirtear na figiúirí i gcomparáid le reifrinn roimhe seo ó bhí na 1990idí ann, bhí an líon daoine a vótáil sna Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram sa raon meánach i gcomparáid le reifrinn nár reáchtáladh ar an lá céanna le himeacht toghcháin eile. Cé go mbeidh sé mar ardaidhm i gcónaí na leibhéil is airde de rannpháirtíocht na vótálaithe a bhaint amach, agus go n-oibreofar i gcónaí ar a shon sin, tá an Coimisiún réasúnta sásta leis an líon daoine a vótáil ar an 39ú agus an 40ú Leasú, a sháraigh an líon a raibh go leor tráchtairí ag súil leis.

Tuigeann an Coimisiún nár cheart an iomarca suntais a chur in imeacht toghcháin amháin. Ach is cosúil go léiríonn an méadú ar chlárúcháin agus an líon daoine a chaith vóta daonlathas sláintiúil atá ag feidhmiú, cé go bhfuil deis feabhsaithe ann fós.

Caithfear tuiscint níos fearr a fháil ar na cúiseanna nár vótáil na daoine atá ar chlár na dtoghthóirí, agus na cúiseanna nach gcláraíonn daoine atá i dteideal vóta a chaitheamh. Beidh sé sin ina chuid den rannpháirtíocht leanúnach leis na húdaráis áitiúla a bhainistíonn agus a chothaíonn cláir na dtoghthóirí, agus beidh sé ina phríomhghné d'fheidhmeanna taighde agus oideachais an Choimisiúin.

## % na dToghthóirí a Vótáil ó 1998




*Reáchtáladh na reifrinn a thaispeántar i mbuí le himeachtaí toghcháin eile*

Ar deireadh, is léir go gcaithfear cruinneas na gclár toghthóirí a fheabhsú. Tá údaráis áitiúla ag déanamh iarracht le blianta beaga anuas aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin mar chuid de phróiseas nuachóirithe foriomlán. Tá ról nua maoirseachta ag an gCoimisiún ar chláir na dtoghthóirí, agus tá sé d'oibleagáid anois ar na húdaráis clárúcháin tuairisciú don Choimisiún gach bliain ar chruinneas agus ar chuimsitheacht a gclár agus ar na hiarrachtaí atá siad ag déanamh chun an dá ghné sin a fheabhsú. Cuirfidh eolas uathu sin bonn eolais faoi thuairisc a chuirfidh an Coimisiún faoi bhráid an Oireachtais gach bliain ar chlár na dtoghthóirí agus an chaoi ar féidir é a fheabhsú. Ach luann an Coimisiún freisin gur ar gach toghthóir atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil siad cláraithe i gceart agus go bhfuil a sonraí ar an gclár cothrom le dáta.

## Airgeadas

Tá a vóta féin, Vóta 23, ag an gCoimisiún Toghcháin, a bunaíodh ar an 1 Márta 2023, agus áirítear é i nGrúpa Vótaí na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.  Bhí €3.5m le haghaidh na reifreann sin sa chistiú a leithdháileadh ar an gCoimisiún le haghaidh 2024.  Caitheadh €3.4m san iomlán ar chaiteachas na reifreann. Tugtar miondealú air sin i dTábla 1.

Bhí aird ag an gCoimisiún i gcaitheamh an fheachtais eolais ar luach ar airgead a bhaint amach agus éifeachtacht uasta a chinntiú don fheachtas. Tá an Coimisiún sásta gur baineadh amach an dá chuspóir sin trí bhainistíocht éifeachtach ar chonarthaí.

## Suirbhéanna

Tugadh faoi thrí shuirbhé ar an bpobal i rith an fheachtais reifreann. Ba staidéir treorach iad sin atá ina gcuid den Staidéar Náisiúnta ar Chúrsaí Toghcháin agus Daonlathais (NEDS) de chuid an Choimisiúin, atá faoi stiúir Bhord Bainistíochta NEDS. Iarradh ar na freagróirí sna suirbhéanna ar fad an t-eolas a chuir an Coimisiún ar fáil faoi na reifrinn a rátáil. Tugadh faoi dhá shuirbhé (ceann ar líne agus ceann ar an nguthán) sna seachtainí díreach roimh lá na vótála. Ba shuirbhé ar dhaoine a chaith vóta ar an 8 Márta an ceann eile. Astu siúd a ghlac páirt i suirbhé roimh na reifrinn, dhearbhaigh 79% go raibh 'leibhéal ard' nó 'leibhéal an-ard' iontaoibhe acu as an gCoimisiún. I suirbhé ar 3,557 freagróir, thuairiscigh 33% gur úsáid siad eolas an Choimisiúin Toghcháin 'go minic' i rith an fheachtais reifreann, agus go raibh 'leibhéal ard' iontaoibhe ag 37% san eolas a cuireadh ar fáil. I gcomparáid leis sin, bhí 39% agus 33% ag RTÉ, 34% agus 27% ag Teilifís agus Raidió eile, 30% agus 23% ag nuachtáin, 16% agus 18% ag suíomhanna nuachta ar líne agus 14% agus 20% ag na meáin shóisialta.

Tuairiscíodh sa suirbhé roimh na reifrinn go bhfuair 66% an leabhrán agus gur léigh 53% é. Léiríodh sa suirbhé ar na vótálaithe go ndúirt 77% de na vótálaithe go bhfuair siad Leabhrán Eolais an Reifrinn agus gur cheap 88% díobh siúd go raibh sé cabhrach nó an-chabhrach.

**Tábla 1: Anailís ar na Costais**

| | € |
|---|---:|
| **Fógraíocht** | |
| Teilifís | 291,920 |
| Raidió | 321,353 |
| Prionta | 380,618 |
| Digiteach | 277,001 |
| Pictiúrlanna | 22,122 |
| Lasmuigh | 208,515 |
| **Dearadh, Cló, Aistriúchán & Dáileadh an Leabhráin** | 574,850 |
| **Léiriú Fógraíochta** | |
| Forbairt Coincheapa & Chruthaitheach | 297,525 |
| Léiriú | 864,493 |
| Dlí | 40,605 |
| Grianghrafadóireacht | 30,280 |
| Suíomh Gréasáin | 12,975 |
| Táillí Bainistíochta Feachtais | 58,684 |
| Riarachán agus costais eile | 22,908 |
| **Iomlán** | **3,403,850** |

## Comhlachtaí a Cheadú chun Críocha Reifreann

Faoi Alt 33 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, tá an Coimisiún freagrach as a dhearbhú gur comhlacht ceadaithe é comhlacht chun críocha reifrinn. Tá na comhlachtaí ceadaithe sin i dteideal gníomhairí a cheapadh le freastal ar eisiúint páipéar ballóide chuig postvótálaithe, ar oscailt páipéar ballóide postvótálaithe, agus ar chomhaireamh vótaí. Lena chois sin, faoi Alt 37 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, féadfaidh comhlacht ceadaithe duine amháin a cheapadh chun bheith i láthair mar ghníomhaire an chomhlachta i ngach stáisiún vótaíochta chun cuidiú le pearsanaíocht a bhrath.

I ndiaidh gairm náisiúnta, ceadaíodh iarratais ó na heagraíochtaí seo a leanas:

1. Fine Gael
2. Ireland First
3. An Comhaontas Glas
4. Fianna Fáil
5. Sinn Féin






# 3 Moltaí

## Amlínte Reifreann

Chun a fheidhmeanna reifrinn reachtacha a chomhlíonadh, tá sé riachtanach go dtugtar dóthain ama don Choimisiún chun feachtas eolais cuimsitheach a reáchtáil, agus chun eolas neamhspleách faoin reifreann a thabhairt do vótálaithe, trí Leabhrán Eolais Reifrinn a sheachadtar ar gach teaghlach go príomha.

Ba é seo an chéad fheachtas eolais reifrinn a rith an Coimisiún. I bhfianaise a thaithí, tá dhá mholadh ag an gCoimisiún don Oireachtas i dtaobh amlínte reifreann. Baineann siad sin ar dtús leis an bhfógra a thugann an Rialtas faoina rún reifreann a reáchtáil, agus ar an dara dul síos leis an íostréimhse fógra in Ordú maidir leis an Lá Vótaíochta chun reifreann a reáchtáil. Is iad na moltaí sonracha sin:

1. Ba cheart leasú beartaithe a fhoilsiú tráth nach déanaí ná 16 seachtaine roimh lá beartaithe na vótála. Thabharfadh sé sin deis don Choimisiún níos mó ná 2.3m Leabhrán Eolais Reifrinn a dhearadh, a chur i gcló agus a dháileadh, agus feachtas eolais a reáchtáil mar a leagtar amach faoi cheanglais an *Achta um Athchóiriú Toghcháin, 2022*.
2. Ba cheart an dáta ainmnithe in Ordú maidir leis an Lá Vótaíochta le haghaidh reifrinn a bheith tráth nach gairide ná 60 lá i ndiaidh an tOrdú maidir leis an Lá Vótaíochta a shíniú. Thabharfadh sé sin deis don Choimisiún aird chuí a thabhairt ar fhoclaíocht chomhaontaithe an Leasaithe, téacs a fhorbairt chun an fhoclaíocht sin a mhíniú, mar a dtugtar breac-chuntas air san *Acht um Athchóiriú Toghcháin* agus an téacs sin a chur ar fáil i Leabhrán Eolais an Reifrinn.

## 16 Seachtaine ó Fhoilsiú Bille um Leasú

Creideann an Coimisiún go bhfuil Leabhrán Eolais an Reifrinn ina chuid lárnach dá fheidhm reifreann. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go seachadtar an leabhrán in am chun go mbeadh am ag na toghthóirí é a mheas i gceart.

Ba cheart do gach teaghlach sa tír an leabhrán a fháil dhá nó trí seachtaine roimh lá vótála an reifrinn. Creideann an Coimisiún go láidir gurb é 16 seachtaine an t-am íosta a theastaíonn chun na feidhmeanna sin a chomhlíonadh. Thug foilsiú na billí ar an Teaghlach agus Cúram 13 seachtaine san iomlán don Choimisiún, agus an Nollaig agus an Bhliain Nua ina lár.

I gcás na Reifreann ar an Teaghlach agus Cúram, tosaíodh ar sheachadadh na leabhrán ar theaghlaigh ar an 12 Feabhra. Ba é sin an dáta ba thúisce a bhí indéanta de bharr an fhógra faoi reifreann a tugadh don Choimisiún. Cuireadh seachadadh sceidealaithe An Post i gcrích faoin 1 Márta, seachtain amháin roimh lá na vótála. Ach rinneadh seachadtaí eile suas go dtí an 5 Márta fiú, trí lá roimh na reifrinn. Ní tréimhse thar mholadh beirt é sin chun eolas neamhspleách a thabhairt ar athrú beartaithe ar an mBunreacht. Dá bhrí sin, is é 16 seachtaine an fógra íosta ba cheart don Rialtas a thabhairt faoina rún reifreann a reáchtáil.

## Fógra 60 Lá ar a laghad faoi Lá na Vótála

Síníonn an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta Ordú maidir leis an Lá Vótaíochta ina n-ainmnítear an dáta le haghaidh reifrinn i ndiaidh do dhá Theach an Oireachtais Bille um Leasú a rith.

Leagtar amach 30 lá mar an fógra íosta atá i bhfeidhm faoi láthair in *Acht an Reifrinn, 1994*. I gcás na Reifreann ar an Teaghlach agus Cúram, síníodh an tOrdú maidir leis an Lá Vótaíochta 42 lá roimh an lá ainmnithe vótála. De bharr na tréimhse sin, leanadh le seachadadh an leabhráin suas go trí lá roimh an reifreann.

Dá síneofaí an tOrdú maidir leis an Lá Vótaíochta 30 lá roimh an lá ainmnithe vótála, ní bheadh an Coimisiún in ann a fheidhm reifreann a chomhlíonadh mar a leagtar amach san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*. Ní bheadh dóthain ama ann Leabhrán Eolais an Reifrinn a chur i gcló agus a dháileadh.

Anuas air sin, dá n-athrófaí foclaíocht togra reifrinn le linn a reatha trí Thithe an Oireachtais, tá an-seans nach mbeadh dóthain ama ag an gCoimisiún chun an fhoclaíocht nua a mheas agus eolas neamhspleách a thabhairt faoi na tograí in am chun go seachadfaí an leabhrán ar gach teaghlach.

Dá bhrí sin, molann an Coimisiún gur cheart d'Ordú maidir leis an Lá Vótaíochta fógra 60 lá ar a laghad a thabhairt roimh lá vótála reifrinn.

Léirítear sa tábla ar an gcéad leathanach eile na tréimhsí a mholtar agus na cinn a bhain le feachtais eolais na Reifreann ar an Teaghlach agus Cúram.

Anuas ar dhearadh agus cló an leabhráin, tá clár cuimsitheach oibre ag teastáil le haghaidh chomhpháirteanna eile an fheachtais, ina measc spás agus am fógraíochta a cheannach agus a chur in áirithe, grianghrafadóireacht, taifeadadh, scannánú, eagarthóireacht, aistriúcháin, leaganacha Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, Braille, éasca le léamh a tháirgeadh, agus spriocdhátaí acu ar fad a rialaíonn an fógra faoin rún reifreann a reáchtáil agus an fógra a thugtar san Ordú maidir leis an Lá Vótaíochta.

**Táble 2: Amlínte Iarbhír na Reifreann ar an Teaghlach agus Cúram agus Amlínte Molta**

| Amlíne Iarbhír Reifrinn 2024 ar an Teaghlach agus Cúram | Príomh-Ghníomhartha na Reifreann ar an Teaghlach agus Cúram | Amlíne 16 Seachtaine a Mholtar | Príomh-Ghníomhartha |
|---|---|---|---|
| | | Seachtain 1 | Bille/Billí um Leasú tugtha isteach ag an Rialtas.<br><br>Páipéar a ordú le haghaidh 2.3m leabhrán – cló agus dáileadh le cur i gcrích dhá nó trí seachtaine roimh Lá Vótála an Reifrinn. |
| | | Seachtain 2 | |
| | Ordaíodh páipéar le haghaidh 2.3 Leabhrán Eolais an Reifrinn. | Seachtain 3 | |
| Seachtain 1 | Billí um Leasú (An Teaghlach agus Cúram) tugtha isteach ag an Rialtas. | Seachtain 4 | |
| Seachtain 2 | | Seachtain 5 | |
| Seachtain 3 | | Seachtain 6 | |
| Seachtain 4 | | Seachtain 7 | Foclaíocht Deiridh an Bhille/na mBillí Formheasta ag an Oireachtas.<br><br>Ordú maidir leis an Lá Vótaíochta Sínithe. |
| Seachtain 5 | | Seachtain 8 | Téacs Deiridh an Bhille a Mheas agus Eolas neamhspleách a chur i dtoll a chéile bunaithe ar an téacs deiridh. |
| Seachtain 6 | | Seachtain 9 | Téacs a chur i gcrích agus Tús a chur le Leabhráin Eolais an Reifrinn a chur i gcló . |
| Seachtain 7 | Foclaíocht deiridh na mBillí (An Teaghlach agus Cúram) formheasta ag an Oireachtas.<br><br>Ordú 2024 maidir leis an Lá Vótaíochta Sínithe.<br><br>Tús curtha le Leabhrán Eolais Reifrinn 2024 a chur i gcló. | Seachtain 10 | |
| Seachtain 8 | | Seachtain 11 | Dáileadh Leabhrán. |
| Seachtain 9 | | Seachtain 12 | Dáileadh Leabhrán. |
| Seachtain 10 | Dáileadh Leabhrán. | Seachtain 13 | Dáileadh Leabhrán. |
| Seachtain 11 | Dáileadh Leabhrán. | Seachtain 14 | Seachadadh Deiridh na Leabhrán Eolais. |
| Seachtain 12 | Dáileadh Leabhrán. | Seachtain 15 | |
| Seachtain 13 | Seachadadh Deiridh Leabhráin Eolais 2024. Lá na Vótála. | Seachtain 16 | Lá na Vótála. |

## Moratóir ar Chraoladh

Foráiltear sna treoirlínte ó Choimisiún na Meán go gcloífeadh craoltóirí raidió agus teilifíse le moratóir ar chlúdach ar imeacht toghcháin óna 2.00 i.n. an lá roimh an imeacht go dtí go ndúntar na stáisiúin vótála. Níl sé sin i bhfeidhm ar mheáin ar líne ná ar na meáin shóisialta. I gcás na reifreann seo, thosaigh an moratóir ag a 2.00 i.n. Déardaoin, 7 Márta agus bhí sé i bhfeidhm go dtína 10.00 i.n. Dé hAoine, 8 Márta. Tráth a bhfuil na meáin ar líne agus na meáin shóisialta chomh forleathan sin, tá na treoirlínte sin aimhrialta anois agus d'fhéadfaí teacht i dtír orthu.

Molann an Coimisiún go mbainfí an moratóir ar chraoladh ó na treoirlínte le haghaidh craoltóirí raidió agus teilifíse roimh an gcéad imeacht toghcháin eile.

## Páipéir Bhallóide

Creideann an Coimisiún nach raibh leagan amach agus dearadh na bpáipéar ballóide le haghaidh na reifreann sách soiléir. Ba shuntasach na páipéir bhallóide don dá reifreann toisc, mar shampla, ar an bpáipéar ballóide faoin Leasú ar an Teaghlach, go raibh 44 focal ann sular luadh na focail *"An Teaghlach"* nó 53 focal sular luadh na focail *"The Family"* ar an bpáipéar ballóide. Bhí sé deacair dá réir ar an vótálaithe idirdhealú a dhéanamh idir páipéir bhallóide a bhí beagnach díreach mar an gcéanna i leith a dtéacs agus leagan amach. Inár rannpháirtíochtaí sna meáin roimh lá na vótála, tharraing an Coimisiún aird ar dhathanna difriúla na bpáipéar ballóide mar bhealach chun idirdhealú a dhéanamh eatarthu, ach ní leor an difríocht datha sin ann féin.

Molann an Coimisiún go ndéanfaí athbhreithniú ar dhearadh foriomlán na bpáipéar ballóide le haghaidh reifrinn agus go gcuirfí ceannteideal suntasach simplí ina luaitear ábhar an togra ar an bpáipéar ballóide. Ba cheart é sin a dhéanamh roimh an gcéad reifreann eile.

**An bhfuil tú ag toiliú leis an togra chun an Bunreacht a leasú atá sa Bhille thíosluaite?**

**Do you approve of the proposal to amend the Constitution contained in the undermentioned Bill?**

An Bille um an Naoú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (An Teaghlach), 2023

Thirty-ninth Amendment of the Constitution (The Family) Bill 2023

Ná cuir marc **ach san aon chearnóg amháin**

Place a mark in **one square only**

**Má thoilíonn** tú, cuir X sa chearnóg seo.................... | | **Tá Yes**

If you **approve**, mark X in this square........................

**Mura dtoilíonn** tú, cuir X sa chearnóg seo.............. | | **Níl No**

If you do **not approve**, mark X in this square..........

SAMPLE

**An bhfuil tú ag toiliú leis an togra chun an Bunreacht a leasú atá sa Bhille thíosluaite?**

**Do you approve of the proposal to amend the Constitution contained in the undermentioned Bill?**

An Bille um an Daicheadú Leasú ar an mBunreacht (Cúram), 2023

Fortieth Amendment of the Constitution (Care) Bill 2023

Ná cuir marc **ach san aon chearnóg amháin**
Place a mark in **one square only**

**Má thoilíonn** tú, cuir X sa chearnóg seo.................. | **Tá**
If you **approve**, mark X in this square........................ | **Yes**

**Mura dtoilíonn** tú, cuir X sa chearnóg seo............... | **Níl**
If you do **not approve**, mark X in this square........... | **No**

SAMPLE

## Cistiú an Choimisiúin Toghcháin

Faoi láthair, tugann an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta isteach an meastachán bliantúil le haghaidh an Choimisiúin Toghcháin. Déantar é a bhainistiú ar an mbealach céanna le meastacháin le haghaidh seirbhísí poiblí eile, agus bíonn an caiteachas faoi réir rialú agus cheadú an Aire. Tá sé mórán mar an gcéanna le caiteachas Ranna agus Oifigí Stáit go ginearálta.

Rinne soláthar le haghaidh caiteachas reifrinn €3.5m i mbuiséad 2024 a ceadaíodh in 2023. Ba cheart a thabhairt faoi deara dá mbeadh ar an gCoimisiún tabhairt faoin bhfeachtas eolais agus feasachta a beartaíodh faoi bhallraíocht i gCúirt Aontaithe na bPaitinní mar a beartaíodh, go dteastódh meastachán forlíontach, a chinnfeadh cineál agus raon an fheachtais.

Níl aon fhoráil shonrach san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* le haghaidh cistiú reifrinn.

Caithfear iarratais ar an gcistiú sin a chur chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi láthair, tríd an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, ar bhonn bliantúil agus is faoi rogha an Fheidhmeannais é.

Tagann ceist chun cinn anois maidir le chomh hiomchuí agus atá sé go mbeadh an Feidhmeannas ag rialú acmhainní an Choimisiúin, an comhlacht a leagtar feidhmeanna sonracha toghcháin agus maoirseacht neamhspleách an phróisis toghcháin air.

I bhfianaise ról an Choimisiúin Toghcháin sa ghné is bunúsaí dár ndaonlathas, tá sé tábhachtach go bhfeicfí go bhfuil sé neamhspleách ar an bhFeidhmeannas sa bhealach a eagraíonn sé a ghnó. Sin chun go gcinnteofaí go bhfuil muinín ag na saoránaigh as riar ár dtoghchán agus reifreann, agus as sláine thorthaí ár n-imeachtaí toghcháin. Moltar dá bhrí sin go gcisteofaí an Coimisiún ón bPríomhchiste.

Arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Toghcháin,
Iúil 2024
ISBN - 978-1-911722-07-6

**An Coimisiún Toghcháin,**
**The Electoral Commission,**
**Caisleán Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2,**
**D02 X8X8.**

@ElecCommIRL

An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission